# Ollscoil Mhá Nuad
# Maynooth University

## Lárionad na Gaeilge, Scoil an Léinn Cheiltigh
## Oifigeach Forbartha Teicneolaíochta TEG
## TEG Digital Transformation Officer
(Conradh Sealadach go dtí 31.08.2028)

### An Ról

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do straitéis ina bhfuil spriocanna bunaidh sin na hOllscoile, barr feabhais sa taighde agus sa scoláireacht agus oideachas den chéad scoth, fite fuaite ina chéile agus an meas céanna orthu.

Tá duine cumasach á lorg ag an Ollscoil le tacú le forbairt na teicneolaíochta mar chuid den tseirbhís tástála teanga, Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG). Beidh an té a cheapfar freagrach do Stiúrthóir TEG.

### Príomhdhualgais

Beidh ar an Oifigeach Forbartha Teicneolaíochta tabhairt faoi pé dualgais a shonróidh an Ollscoil taobh istigh d'uaireanta oibre an chonartha, i sásamh Stiúrthóir TEG. Féadfaidh na dualgais seo a leanas a bheith i measc na ndualgas sin, ach níl siad teoranta dóibh:

- Comhordú a dhéanamh ar an obair a bhainfidh le forbairtí nua ar chórais TF TEG a chur i bhfeidhm ar bhealach céimnithe, lena n-áirítear; suíomh nua gréasáin, córas nua clárúcháin agus bainistíochta sonraí agus cumarsáide (CMS agus CRM), ardán le haghaidh na tástála digití agus teastais dhigiteacha.
- Taighde a dhéanamh ar roghanna sa mhargadh ó thaobh táirgí agus soláthróirí a d'fhéadfadh freastal ar riachtanais TEG, agus moltaí a dhéanamh dá réir.
- Comhoibriú le Stiúrthóir Lárionad na Gaeilge agus le hOifig Soláthair na hOllscoile le próiseas poiblí tairsceana a reáchtáil, chun soláthróirí cuí a aimsiú.
- A bheith ina phríomhtheagmhálaí agus idirghabhálaí idir foireann TEG agus na soláthróirí a roghnófar, sceideal oibre a aontú agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leo i rith an ama, aiseolas soiléir a chur ar fáil ag pointí éagsúla den tionscadal agus maoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn, lena chinntiú go gcuirfear an táirge deireanach ar fáil taobh istigh den bhuiséad agus den amlíne a aontaíodh, agus lena chinntiú go mbeidh torthaí na hoibre ag teacht go dlúth le riachtanais TEG.
- Comhordú a dhéanamh ar phróiseas lógánaithe na gcóras nua, lena chinntiú go mbeidh córais dhigiteacha TEG ar fad ar fáil go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla.

- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chórais TF TEG lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí le dualgais reachtúla agus le polasaithe TEG/ na hOllscoile ó thaobh na cosanta sonraí, cúrsaí slándála agus cúrsaí inrochtaineachta.
- Tástáil agus dearbhú cáilíochta a chomhordú ar ghnéithe nua de chóras TF TEG, anailís leanúnach a dhéanamh ar eispéireas an úsáideora, agus moltaí a dhéanamh dá réir
- Comhordú a dhéanamh ar na socruithe praiticiúla a bhaineann le scrúduithe a reáchtáil ar ríomhairí, lena n-áirítear ionaid chuí a aimsiú, trealamh a thástáil, a chinntiú go mbeidh an cúnamh cuí teicniúil ar fáil le linn scrúduithe, srl.
- Tacaíocht, oiliúint, eolas agus comhairle a chur ar fáil do bhaill foirne agus do pháirtithe eile leasmhara maidir le húsáid na teicneolaíochta agus maidir leis an mbainistiú sonraí i gcomhthéacs TEG.
- Plé le Teicneoir Sinsearach an Lárionaid maidir le gnéithe ábhartha den obair, de réir mar a theastaíonn.
- Bheith bord ar bord le forbairtí idirnáisiúnta sa teicneolaíocht a bhfuil impleachtaí acu don tástáil teanga nó d'obair riaracháin TEG (m.sh. an tástáil dhigiteach agus an intleacht shaorga), féidearthachtaí maidir le nuálaíochtaí a d'fhéadfadh cur le feabhas agus le héifeachtúlacht obair TEG a aithint agus a mheas, agus moltaí a dhéanamh dá réir.

**Beidh ag an iarrthóir is oiriúnaí:**

**Critéir riachtanacha:**

- Céim onóracha agus iarchéim in ábhar cuí;
- Sárthuiscint ar theicneolaíochtaí gréasáin, córais bhainistíochta ábhar (CMS), bainistiú sonraí, an intleacht shaorga, eispéireas an úsáideora agus an claochlú digiteach;
- Sárscileanna riaracháin, eagrúcháin agus bainistíocht tionscadail. Taithí ghairmiúil ar thionscadail dhigiteacha a bhainistiú;
- Tuiscint ar GDPR agus ar an dea-chleachtas a bhaineann le cosaint sonraí agus le cúrsaí slándála i gcomhthéacs scrúduithe;
- Tuiscint ar chúrsaí inrochtaineachta i gcomhthéacs na teicneolaíochta;
- Sárscileanna cumarsáide, idirphearsanta agus obair bhuíne. In ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus dea-chaidreamh a fhorbairt le réimse leathan comhghleacaithe agus páirtithe seachtracha, lena n-áirítear daoine a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí teicneolaíochta agus iad siúd nach bhfuil cúlra teicniúil acu;
- Cur chuige tionscantach, éifeachtúil agus críochnúil;
- Caighdeán maith Gaeilge, idir scríofa agus labhartha (TEG B2 nó a chomhionann, ar a laghad);

**Inmhianaithe:**

- Taithí ar chúrsaí teicneolaíochta in earnáil an oideachais;
- Taithí ar an tástáil teanga agus/nó ar an tástáil dhigiteach;
- Taithí ar aistriúchán Gaeilge/ logánú a dhéanamh ar shuímh ghréasáin.

## Dámh agus Institiúidí Taighde

Tá Dámh na nDán agus na nDaonnachtaí comhdhéanta de Ranna na Sean-Chlasaicí, na Staire, an Cheoil, na Fealsúnachta, Scoil an Léinn Cheiltigh, Scoil na Nuatheangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr, Roinn an Bhéarla, Roinn Staidéar ar na Meáin agus an institiúid taighde, an Institiúid Ealaíon agus Daonnachtaí. Is é ról na Dáimhe comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí acadúla na rann éagsúil, maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach na rann agus tacú le gníomhaíochtaí agus

le cláir idir-rannacha. Tá roinnt institiúidí idirdhisciplíneacha ceaptha ag an Ollscoil freisin chun tacú le taighde den scoth agus chun cumas taighde a fhorbairt sna disciplíní ar fad.

## Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil

Is aonad de chuid Scoil an Léinn Cheiltigh é Lárionad na Gaeilge, a tháinig in áit Ionad na dTeangacha agus atá ag tógáil ar an obair cheannródaíoch a rinneadh san Ionad ar feadh breis is fiche bliain. Tá dhá phríomhaidhm ag Lárionad na Gaeilge: (i) riachtanais a aithint agus bearnaí a líonadh sa soláthar reatha a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge ar bhonn institiúideach, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus (ii) an taighde, an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus an nuálaíocht i múineadh agus i measúnú na Gaeilge a chur chun cinn. Tá teist na nuálaíochta agus an bharr feabhais ar obair an Lárionaid ó bunaíodh é agus féachann muid i dtreo an dea-chleachtais idirnáisiúnta lena chinntiú go mbíonn an taighde, teagasc agus tástáil, atá mar chrann taca na hoibre, ar an gcaighdeán is airde. Tá an Séala Eorpach Teanga bainte trí huaire ag an Lárionad.

Is é Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) an tionscadal is mó agus is rathúla atá ag Lárionad na Gaeilge. Is córas neamhspleách tástála agus teastasaithe atá ann, atá ailínithe go ginearálta leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (CEFR). Is é an t-aon chóras dá leithéid atá ar fáil don Ghaeilge agus tá sé á úsáid i réimse leathan comhthéacsanna acadúla agus gairmiúla, áit a mbíonn dearbhú bailí agus neamhspleách ag teastáil maidir leis an inniúlacht sa Ghaeilge. Tá scrúduithe TEG déanta ag breis is 20,000 duine go dtí seo in Éirinn agus thar lear. Is ball iomlán é Lárionad na Gaeilge de Chumann na dTástálaithe Teanga san Eoraip (ALTE) agus bronnadh Q-Mharc ALTE ar scrúduithe TEG faoi dhó, mar dhearbhú ar fheabhas an chórais. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.teg.ie.

Anuas ar an obair sin, cuireann Lárionad na Gaeilge sainchúrsaí oiliúna ar fáil ar líne san aistriúchán agus san eagarthóireacht agus i múineadh na Gaeilge, chomh maith le ranganna agus cúrsaí teanga do mhic léinn na hOllscoile, don fhoireann agus don phobal i gcoitinne. Cuirtear acmhainní ar líne ar fáil freisin do lucht teagaisc agus foghlama na Gaeilge ar an suíomh www.snas.ie. Is gné thábhachtach d'obair an Lárionaid na gníomhaíochtaí for-rochtana idir na cúrsaí ar líne thuasluaite agus ionaid scrúduithe TEG ar fud na hÉireann agus thar lear. Lena chois sin, eagraíonn muid ranganna Gaeilge sa Centre Culturel Irlandais i bPáras na Fraince agus cuireann muid tacaíocht ar fáil do theagascóirí in áiteanna eile ar fud na cruinne i dtaca le teagasc na Gaeilge.

Bunaítear obair an Lárionaid ar an taighde agus an dea-chleachtas i réimse an mheasúnaithe teanga agus na teangeolaíochta feidhmí agus is gnách go dtógann muid tograí taighde ar láimh agus go gcuireann muid comhdhálacha ar siúl sna réimsí sin.

Faoi láthair, tá 20 ball foirne lánaimseartha ag obair sa Lárionad chomh maith le foireann pháirtaimseartha, idir theagascóirí agus scrúdaitheoirí painéil.

## An Ollscoil

Is ollscoil faoi leith í Ollscoil Mhá Nuad, institiúid choláisteach atá dírithe ar na daonnachtaí agus ar na heolaíochtaí sóisialta, ar an eolaíocht agus ar an innealtóireacht, chomh maith leis an taighde, an teagasc agus an rannpháirtíocht sa phobal. Tá an Ollscoil suite i Maigh Nuad, an t-aon bhaile ollscoile in Éirinn, agus cuireann stair agus oidhreacht uathúil an bhaile go mór le carachtar agus le féiniúlacht na hinstitiúide. Cuirtear oideachas ar ardchaighdeán ar fáil do bhreis is 15,000 mac léinn ar an gcampas, áit a bhfuil stair an 18ú haois agus nuálaíocht an 21ú haois araon ag baint léi.

Ó bunaíodh Ollscoil Mhá Nuad mar ollscoil phoiblí neamhspleách 25 bliain ó shin, tá forbairt shuntasach straitéiseach agus éachtaí as cuimse déanta aici, rud atá ina údar iontach mórtais ag baill foirne, ag mic léinn, ag céimithe agus ag pobal na hOllscoile araon. In 2024, aithníodh Ollscoil Mhá Nuad i measc an 90 ollscoil óg is fearr ar domhan, nuair a tháinig sí sa 86ú háit de réir Times Higher Education (THE).



Athena Swan Ireland
Athena SWAN Bronze Award

Tá an dea-cháil atá ar Ollscoil Mhá Nuad ar fud an domhain bunaithe ar roinnt gnéithe; ina measc, nuálaíocht, ardchaighdeán, tábhacht agus tionchar a cuid taighde agus scoláireachta; an tiomantas don oideachas agus don fhoghlaim; caighdeán na gclár acadúil; agus an cheannaireacht atá léirithe aici chun an rannpháirtíocht san ardoideachas a leathnú. Is iad tiomantas na mball foirne agus fuinneamh agus rannpháirtíocht na mac léinn is cúis leis an rath seo atá ar an Ollscoil.

Is áit í Ollscoil Mhá Nuad a bhfuil roinnt codarsnachtaí ag baint léi; institiúid nua-aimseartha í atá ag fás go tapa, agus í dírithe ar an taighde agus í rannpháirteach i sochaí an lae inniu, ach tá sí fréamhaithe freisin sna buanna acadúla agus sna traidisiúin léinn a bhaineann léi go stairiúil. Cuireann an Ollscoil réimse leathan clár fochéime, iarchéime agus dochtúireachta ar fáil do bhreis is 15,000 mac léinn sna daonnachtaí, san eolaíocht agus innealtóireacht, sna heolaíochtaí sóisialta, lena n-áirítear an gnó, an dlí agus an t-oideachas, chomh maith le cláir agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta.

Cothaíonn an cultúr uathúil comhghleacúil atá le fáil in Ollscoil Mhá Nuad cur chuige idirdhisciplíneach i leith an taighde, cur chuige a chuireann ar chumas na foirne acadúla dul i ngleic le cuid de na dúshláin is mó atá le sárú ag sochaí an lae inniu. Daingníonn institiúidí agus ionaid taighde na hOllscoile tionchar na hoibre sin, trí phobail bhríomhara foghlama, fionnachtana agus chruthaitheachta a chothú. Bíonn an taighde ag croílár an teagaisc san Ollscoil freisin, agus is ábhar bróid don Ollscoil é go bhfuil an taighde agus an teagasc ar comhchéim san institiúid.

**Prionsabail agus luachanna**

Léiríonn ár luachanna cé muid féin, cén rud a gcreideann muid ann agus conas a iompraíonn muid féin mar phobal. Is orthu sin a bhraitheann an rath a bheidh orainn amach anseo, na hionchais atá againn dúinn féin agus dá chéile. Baineann ár luachanna le gach duine i bpobal na hOllscoile:

- Ionracas
- Comhghleacaíocht
- Freagracht
- Saoirse cainte
- Uaillmhian

**Plean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 2023 - 2028**

Tógann Plean Straitéiseach na hOllscoile 2023 - 2028 ar ár stair acadúil shaibhir agus ar ár mbunchlocha láidre chun conair uaillmhianach agus cheannródaíoch a leagadh amach do thodhchaí ár nOllscoile. Soiléiríonn an treochlár seo ár dtiomantas do dhul i dtaithí ar dhomhan atá ag síorathrú agus ár ngníomhaíochtaí a chur in oiriúint dó, agus san am céanna a bheith dílis dár luachanna Ollscoile. Is í an fhís atá againn a bheith mar ollscoil feabhais, deiseanna agus tionchair, agus lámh láidir a bheith againn i ngach ceann de na trí ghné seo.

**Léigh anseo le haghaidh breis eolais faoi thodhchaí Ollscoil Mhá Nuad: [https://strategy.maynoothuniversity.ie/?lang=ga](https://strategy.maynoothuniversity.ie/?lang=ga)**

## Roghnú agus Ceapadh

- Ní thabharfar cuireadh chun agallaimh ach d'iarrthóirí a n-éireoidh leo an gearrliosta a bhaint amach;
- D'fhéadfaí iarraidh ar na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh scrúdú scríofa agus cur i láthair gairid a dhéanamh;
- Ceadóidh an tUachtarán ceapacháin bunaithe ar thuairisc an bhoird roghnúcháin;
- Táthar ag súil na hagallaimh a reáchtáil ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2025;
- Táthar ag súil go mbeidh feidhm leis an gceapachán ó mhí na Samhna 2025, nó a luaithe agus is féidir ina dhiaidh sin.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do bheith ina hinstitiúid a chothaíonn comhionannas, a thugann meas agus luach don éagsúlacht, agus a chuireann an ionchuimsitheacht chun cinn. Chun tuilleadh eolais a fháil ar ár dtiomantas don Chomhionannas agus Éagsúlacht, féach ar na polasaithe seo a leanas: Polasaí Comhionannais agus Éagsúlachta Ollscoil Mhá Nuad agus ár bpolasaí maidir le Employment of People with Disabilities agus ár Gender Equality Action Plan 2023-2026

## Téarmaí agus coinníollacha

| | |
|---|---|
| **Téarma an chonartha** | Is post lánaimseartha sealadach é seo, go dtí 31-08-2028. |
| **Tuarastal** | Oifigeach Riaracháin 2 (Lúnasa 2025): €46,418- €65,806 p.a (9 bpointe)<br><br>De réir fhorálacha pá na hearnála poiblí a dhéanfar ceapacháin. |
| **Uaireanta oibre** | Tá seachtain oibre 35 uair an chloig i bhfeidhm maidir le poist lánaimseartha.<br><br>D'fhéadfaí athbhreithniú nó coigeartú a dhéanamh ar na huaireanta hoibre seo ó am go ham, bunaithe ar chomhaontuithe náisiúnta. |
| **Áit** | Is é campas Ollscoil Mhá Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara an áit oibre. |
| **Saoire bhliantúil** | Tugtar saoire bhliantúil agus laethanta saoire poiblí de réir pholasaí na hOllscoile: https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/policies/annual-leavehttps://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/policies/annual-leave-policypolicy<br><br>Tugtar saoire bhliantúil ar bhonn pro rata i gcás poist pháirtaimseartha agus shealadacha. |
| **Polasaithe agus scéimeanna Ollscoile** | Beidh fostaithe de chuid na hOllscoile faoi réir pholasaithe agus scéimeanna na hOllscoile, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOllscoile ag:<br><br>https://www.maynoothuniversity.ie/university-policies<br><br>https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/policies |
| **Pinsean** | Is post inphinsin é seo. Glacfaidh fostaithe de chuid na hOllscoile páirt i scéim pinsin don earnáil phoiblí. Tá sonraí maidir leis na scéimeanna sin ar fáil ag:<br><br>https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/pension-information |

| | |
|---|---|
| **Incháilitheacht** | Fáiltítear roimh iarratais ó shaoránaigh neamh-LEE. Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara gurb í an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a rialaíonn incháilitheacht. Tá tuilleadh eolais maidir le hincháilitheacht ar fáil ag: https://enterprise.gov.ie/en/what-we-do/workplace-and-skills/employmenthttps://enterprise.gov.ie/en/what-we-do/workplace-and-skills/employment-permits/employment-permit-eligibility/permits/employment-permit-eligibility/<br><br>Tá iarratasóirí neamh-LEE freagrach as a chinntiú gur féidir leo víosa a fháil chun taisteal go hÉirinn. Tá aon tairiscint fostaíochta ag brath ar iarratasóirí na ceadanna fostaíochta cuí a fháil.<br><br>**Iarfhostaithe de chuid Sheirbhís Phoiblí na hÉireann - Srianta Áirithe ar Cháilitheacht**<br><br>D'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar incháilitheacht iarratasóirí a bhí fostaithe roimhe seo ag eagraíocht de chuid Earnáil Phoiblí na hÉireann, agus a bhain leas as Scéim Iomarcaíochta de chuid Sheirbhís Phoiblí na hÉireann nó Scéim Dreasachta Scoir faoi na Scéimeanna thíos:<br>• Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí<br>• Scéim Dreasachta um Luathscor (ISER)<br>• Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)<br>• An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013)<br><br>Ba cheart d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil siad i dteideal a bheith fostaithe arís i Seirbhís Phoiblí na hÉireann faoi théarmaí Scéimeanna dá leithéid. Ba cheart d'iarratasóirí ceisteanna faoi seo a chur faoi bhráid a gcuid iarfhostóirí in Earnáil Phoiblí na hÉireann. |
| **Grinnfhiosrúchán Garda** | D'fhéadfadh go mbeadh grinnfhiosrúchán nó imréiteach Garda ag teastáil ón Ollscoil. |
| **Scrúdú leighis** | D'fhéadfadh go mbeadh scrúdú leighis ag teastáil ón Ollscoil mar choinníoll fostaíochta. |

## Dlí Cosanta Sonraí

Déanfaidh Ollscoil Mhá Nuad próiseáil ar shonraí pearsanta a thugann tú mar chuid de d'iarratas ar an ról seo de réir Pholasaithe Cosanta Sonraí na hOllscoile.
Le tuilleadh eolais a fháil faoi Pholasaithe Cosanta Sonraí agus Fógra Príobháideachais na hOllscoile, féach ar ár suíomh gréasáin: https://www.maynoothuniversity.ie/data-protection

## Treoracha iarratais

**Dáta deiridh:**

23:30 (am na hÉireann) **Dé Domhnaigh, 12 Deireadh Fómhair 2025.**

Ní mór iarratais a dhéanamh ar an bpost trínár **dTairseach Earcaíochta ar Líne** ag an nasc seo a leanas: https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/vacancies

Caithfear iarratais a chur isteach faoin dáta deiridh agus faoin am a shonraítear thuas. Cealóidh an córas go huathoibríoch iarratais atá fós idir lámha ag an am deiridh ar an dáta deiridh sonraithe.

Ní ghlacfar le hiarratais mhalla.

**Is fostóir comhdheiseanna í Ollscoil Mhá Nuad**

**Tá an post seo faoi réir Reachtanna na hOllscoile**